

Polasaí Iontrála

Réamhrá:

Tagann an polasaí seo faoi chumhacht an dlí mar atá leagtha amach san Acht Oideachais 1998. Tá muinín ag an Bord Bainistíochta go gcuideoidh a leithéid seo le tuismitheoirí maidir le cúrsa clárú sa scoil.

Ainm na Scoile: Scoil Oilibhéir Pluincéid

Seoladh na Scoile: Rann na Feirste
Anagaire
Tír Chonaill

Uimhir Gutháin na Scoile: 074 9562748

Sainaicme Chreidimh na Scoile: Caitliceach

Ainm an Phatrúin: An tEaspag McGuckian

Líon na Múinteoirí sa Scoile: Príomhoide
Leas Príomhoide
Múinteoir Ranga
Múinteoir Tacaíocht Foghlama
Múinteoir Acmhainne

Cúntóir Teanga

Pól Ó Ruiséil
Eibhlín Bn Mhic Giolla Bhríde
Gráinne Nic Suibhne
Róisín Nic Pháidín Ní Dhómhnaill
Ann Marie Bn Mhic Suibhne
Eibhlín Bn Mhic Giolla Bhríde
(Seán Ó Gallachóir ag
déanamh ionadaíocht saoire
máithreachas)
Maria Bn Uí Chaomhánaigh

Baill eile de fhoireann na scoile: Rúnaí Scoile
Airíoch

Maria Bn Uí Chaomhánaigh
Bríd Bn Uí Dhochartaigh

An Réimse Ranganna a Múintear

Máistreás Gráinne - Naíonáin Bheaga
Naíonáin Mhóra
Rang a 1

Máistreás Róisín - Rang a 2
Rang a 3

Máistir Pól - Rang a 4
Rang a 5
Rang a 6

Braitheann an scoil seo ar dheontais agus acmhainní on Roinn Oideachas agus Eolaíochta agus feidhmíonn an scoil faoi rialacha agus teoracha na Roinne. Braitheann an Bord Bainistíocht ar na hacmhainní agus na deontais sin ar uairibh chun polasaithe airithe a chur i gcríoch.

Leanann an scoil Curaclam na Bunscoile faoi mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachas agus Eolaíocht agus d'fhéadfadh leasaithe a bheith sna cláracha seo ó am go chéile de réir Ranna 9 agus 30 an Acht Oideachas 1998.

Tá cearta an Phatrúin leagtha amach san Acht Oideachas 1998 i gcomhthéacs rialacha agus cláracha na Roinn Oideachas agus Eolaíochta agus dar ndóigh i gcomhthéacs na ndeontas agus na acmhainní a bheidh le fáil ag an scoil.

Tacaíonn an scoil leis na prionsabail seo a leanas:

- Cuimsitheacht go h-airithe i leith páistí míchumasacha nó le riachtanais speisialta.
- Comhionannas maidir le beith rannpháirteach sa scoil.
- Rogha na dtuismitheoirí maidir le clárú a leanbh sa scoil.
- Tabharfar aird ar éagsúlacht traidisiún, teangacha, creideamh, gnásanna, nósanna, cultúir éagsúla srl.

Am Oscailte – 9.20

Sos – 11.00-11.10

Lón – 12.30-1.00

Naíonáin ag dul abhaile – 2.00

Meán agus Ard Ranganna ag dul abhaile – 3.00

Rialacha Iontrála

Cuireann an Bord Bainistíochta in iúl do thuismitheoirí a roghnaíonn an scoil, a bpáiste a thabhairt chun na scoile mar pháirt do chóras iontrála ar lá áirithe sa trídú téama. Fógraíonn an Bord Bainistíochta an t-eolas faoin chóras iontrála i nuachtlitir na Paróiste agus ar Raidió na Gaeltachta.

Eolas Tábhachtach ó na Tuismitheoirí

Tá an eolas seo a leanas de dhíth ar an scoil chun páiste a chlárú. Iarrfar ar thuismitheoirí teastas breithe an pháiste a thabhairt don scoil. Chomh maith le seo tá foirm iontrála na scoile le líonadh isteach, leis an eolas seo a leanas:

- Ainm, seoladh agus dáta breithe
- Ainmneacha agus seoladh na dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Uimhreacha teileafón éagsúla
- Uimhreacha teileafón a úsáidfí in am práinne
- Cuir síos ar aon tinnis nó breoiteachtaí
- Creideamh
- An scoil ar a fhreastal an páiste roimhe seo
- Eolas breise ar bith a bheadh tionchar aige ar oideachas an pháiste

Beidh an scoil ag cur isteach ar Scéim Aitheantas na Scoileanna Gaeltachta. Beidh an t-eolas seo ag na thuismitheoirí anois mar pháirt den pholasaí seo.

Ag Déanamh Cinneadh

Déanann an Bord Bainistíocht cinneadh de réir polasaí na scoile maidir le clárú na bpáistí sa scoil. Cloífead Bord Bainistíochta le treoracha an Roinn Oideachas agus Eolaíocht maidir le líon na bpáistí i ngach rang, líon na múinteoirí sa scoil, riachtanais spáis agus cúrsaí slándála go ginearálta.

Ní féidir páiste a chlárú go dtí go mbíonn an páiste ceithre bliana d'aois.

Má tharlaíonn go mbíonn breise páistí do na h-áiteacha atá sa scoil cuirfead na coinníollacha seo a leanas san áireamh:

- Deartháireacha agus deirfiúracha sa scoil cheana féin
- Do réir aoise
- Teorainn an Pharóiste

- Tagann an spás sa scoil mar a thagann an clárú
- Páistí de chuid na foirne

An Lá a Cuirtear an Páiste ar an Rolla

Glacann an Bord Bainistíocht le páistí sa scoil ar an chéad lá den scoil bhliain agus ag am ar bith i rith na bliana.

Clárú Páistí le Riachtanais Speisialta

I gcás páistí le riachtanais speisialta iarrfaidh an Bord Bainistíochta cóipeanna de thuairiscí ó dochtúirí / síceolaithe srl. i leith an pháiste. Múna bhfuil thuairiscí faighte cheana féin iarrfaidh an Bord go ndéanfaidh dochtúir / síceolaí measúnú ar an pháiste. Is é an aidhm atá le seo ná le cuidiú leis an scoil freastal go caoi ar riachtanais an pháiste, sé sin, tacaíocht breise a chur ar fáil don pháiste le cead ón Roinn Oideachas agus Ealaíne agus plean pearsanta oibre a leagan amach don pháiste más gá.

Déanfaidh an Bord cinneadh faoin tslí ina bhfreastalódh an scoil ar na riachtanais mar atá leagtha amach sa tuairisc. Más é tuairim an Bhoird go mbeidh tuilleadh cuidiú de dhíth san scoil le freastal ar na riachtanais faoi mar atá siad leagtha amach sa tuairisc lorgófar an tacaíocht caoi, msh. múinteoir acmhainne, múinteoir tacaíochta, cúntóir speisialta, troscán faoi leith, áis foghlama éigin, srl. ón Roinn Oideachas agus Eolaíocht. Buailfidh an Príomhoide leis na tuismitheoirí chun riachtanais an pháiste a phlé agus chun cumas na scoile i leith freastal ar na riachtanais sin a mhíniú/phlé. I gcásanna áirithe dar ndóigh bheadh gá le mór chruinniú idir tuismitheoirí an pháiste agus an Príomhoide, an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíochta, an síceolaí, an cúntóir speisialta srl.

B'fhéidir go mbeadh ag an mBord chlárú an pháiste a chur siar ar feadh tréimhse go dtí go mbeadh:

- teacht ar an dtuairisc scríofa ón síceolaí srl.
- an tacaíocht caoi faighte ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta chun freastal ar riachtanais an pháiste faoi mar atá luaithe ar an tuairisc ón síceolaí / dochtúir srl.

Páistí ag Athrú ó Scoil Eile

Is féidir le páiste teacht chun na scoile ag am ar bith fhad is atá spas sa scoil díofa. Tá sé mar dhualgas ar an mBord Bainistíochta cuntas tinreamh an pháiste a sheoladh go dtí an scoil eile agus tuairisc ar dhul chun cinn an pháiste a sheoladh chomh maith de réir an Acht Oideachas Sóisialta (2000).

Cód Iompair

Tá coip dé Cód Iompair na scoile mar pháirt don Polasaí Iontrála